2023/2666

29.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2666 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2023

lena gcláraítear ainm i gclár um ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint ('Irish Grass Fed Beef' (TGFC))

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(3)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an t-iarratas a thíolaic Éire ar chlárú an ainm 'Irish Grass Fed Beef' mar Thásc Geografach faoi Chosaint in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([2]).

(2) An 21 Feabhra 2022, fuair an Coimisiún an fógra freasúra lena n-áirítear an ráiteas freasúra gaolmhar ón Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann).

(3) Mhaígh an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann) gur táirgeadh an táirge a ainmnítear mar Irish Grass Fed Beef i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon, cé gur úsáideadh an téarma 'Irish'[Éireannach] go stairiúil chun tagairt a dhéanamh do tháirgí a táirgeadh sa dá dhlínse. Dá bhrí sin, ní bheadh clárú an ainm 'Irish Grass Fed Beef' leis an tionscnamh geografach teoranta do Phoblacht na hÉireann amháin ceart mar nach léireodh sé, ná nach n-urramódh sé an úsáid a bhaintear as an ainm sin faoi láthair agus go mbeadh tionchar díobhálach aige ar na táirgí a tháirgtear i dTuaisceart Éireann faoi láthair.

(4) Measadh go raibh an freasúra inghlactha. An 13 Aibreán 2022, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i mbun comhairliúcháin iomchuí chun teacht ar chomhaontú.

(5) Tar éis na gcomhairliúchán, thángthas ar chomhaontú idir Éire agus an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann). Chuir Éire an méid sin in iúl don Choimisiún le litreacha an 11 Iúil agus an 3 Lúnasa 2022. Comhaontaíodh roinnt leasuithe ar an tsonraíocht táirge. Méadaíodh an limistéar táirgthe chun Tuaisceart Éireann a chuimsiú agus rinneadh iarratas iltíre den iarratas (ó Éirinn agus ón Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)).

(6) Ós rud é go ndearnadh an doiciméad a leasú go suntasach, i gcomhréir le hAirteagal 51(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, rinne an Coimisiún an grinnscrúdú ar an iarratas an athuair agus tháinig sé ar an gconclúid gur comhlíonadh na coinníollacha maidir le clárú.

(7) Tá bonn cirt leis an limistéar geografach a leathnú go Tuaisceart Éireann ós rud é go bhfuil cáilíochtaí, cáil agus tréithe comhchosúla ag mairteoil chothaithe féir a tháirgtear i dTuaisceart Éireann — lasmuigh den limistéar geografach a chumhdaítear leis an iarratas bunaidh — agus atá ag mairteoil chothaithe féir ó Éirinn. I bhfianaise an mhéid thuas, mheas an Coimisiún gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012.

(8) An 8 Márta 2022, fuair an Coimisiún an dara fógra freasúra ó eagraíocht talmhaíochta in Éirinn. I gcomhréir le hAirteagal 51(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas dlisteanach acu, a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe sa Bhallstát ónar cuireadh isteach an t-iarratas, eisiatar iad ón nós imeachta freasúra ar leibhéal an Aontais toisc go raibh an deis acu roimhe sin a bheith rannpháirteach sa nós imeachta náisiúnta freasúra i gcomhréir le hAirteagal 49(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012. Dá réir sin, meastar go bhfuil an freasúra ón eagraíocht atá bunaithe in Éirinn neamh-inghlactha.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.
([2]) IO C 492, 8.12.2021, lch. 16.

(9) De bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, foilsíodh an t-iarratas a thíolaic Éire ar chlárú an ainm 'Irish Grass Fed Beef' mar Thásc Geografach faoi Chosaint in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(10) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart an t-ainm'Irish Grass Fed Beef' (TGFC) a chlárú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá an t-ainm 'Irish Grass Fed Beef' (TGFC) cláraithe.

Leis an ainm sa chéad mhír, sainaithnítear táirge ó Aicme 1.1., Feoil (agus scairteach) úr a leagtar amach in Iarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún ([4]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([3]) IO C 275, 4.8.2023, lch. 26.
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 668/2014 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2014 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 179, 19.6.2014, lch. 36).